RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/608 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Márta 2023

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta roinnt taraif-chuótaí tar éis an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go hairithe Airteagal 187 agus Airteagal 223(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistíocht na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal "tús freastail ar an gceann is túisce").

(3) Leis an gComhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú"), arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2022/2524 ón gComhairle ([4]), leasaítear na coinníollacha is infheidhme maidir le hallmhairí ón Nua-Shéalainn faoi tharaif-chuótaí áirithe. Go háirithe, leasaítear leis cainníochtaí na dtaraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.0147, 09.2013, 09.2109, 09.2110 agus 09.4454. Thairis sin, modhnaítear tuairisc an táirge agus cóid AC na dtaraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4182, 09.4195 agus 09.4514, agus aisghairtear leis na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar mheáchan agus ar chion saille ime de thionscnamh na Nua-Shéalainne.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal "tús freastail ar an gceann is túisce" (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4).

([4]) Cinneadh (AE) 2022/2524 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 328, 22.12.2022, lch. 59).

(4) Ba cheart na rialacha nua maidir le faireachán ar mheáchan agus ar ábhar ime a léiriú i gCodanna A1 go A6 de Chuid A d'Iarscríbhinn XIV.5 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, agus go háirithe sna teimpléid le haghaidh dheimhnithe IMA1 i gcás taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4182, 09.4195, 09.4514, 09.4515, 09.4521 agus 09.4522.

(5) Na leasuithe a rinneadh leis an gComhaontú sin, ba cheart iad a léiriú in Iarscríbhinní a ghabhann le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988. Na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart feidhm a bheith acu ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, an chainníocht bhreise le haghaidh mairteoil ardcháilíochta faoi tharaif-chuóta 09.4454, ba cheart í a chur ar fáil ón tréimhse taraif-chuóta dar tús an 1 Iúil 2023. Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar thuairisc an táirge agus ar chóid AC le haghaidh taraif-chuótaí 09.4182, 09.4195 agus 09.4514 ar an gcéad lá tar éis na tréimhse 90 lá tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo. Ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón 1 Iúil 2023.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) in Airteagal 50, scriostar míreanna 3 agus 4;

(2) Scriostar Airteagal 51.

(3) Déantar Iarscríbhinní VIII, IX, agus XIV.5 a leasú i gcomhréir le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Ar an taobh eile:

(a) beidh feidhm ag pointe (1) d'Iarscríbhinn I ón 1 Iúil 2023.

(b) beidh feidhm ag pointe 2(a)(i) agus (ii), pointe (2)(b), agus pointe (3) d'Iarscríbhinn I ón gcéad lá den tréimhse 90 lá a thagann i ndiaidh fhoilsiú an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(c) beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní VIII, IX agus XIV.5 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn VIII, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4454, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Cainníocht ina kg":

"**Cainníocht ina kg**	1 102 000 kg meáchan an táirge"

(2) leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) leasaítear na táblaí a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Tuairisc ar an táirge":

"**Tuairisc ar an táirge**	Im"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "cóid CN":

"**Cóid CN**	0405 10"

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Coinníollacha sonracha":

"**Coinníollacha sonracha**	I gcomhréir le hAirteagail 50, 53 agus 54 den Rialachán seo"

(b) leasaítear an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4514 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Tuairisc ar an táirge":

"**Tuairisc ar an táirge**	Céadar"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "cóid CN":

"**Cóid CN**	0406 90 21"

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid A1 go Cuid A6 d'Iarscríbhinn XIV.5:

"CUID A. **CUÓTAÍ ALLMHAIRIÚCHÁIN LE DEIMHNITHE IMA 1**

A1 — **TEIMPLÉAD DE DHEIMHNIÚ IMA 1 LE hAGHAIDH TARAIF-CHUÓTAÍ DAR SRAITHUIMHREACHA 09.4514, 09.4515, 09.4521, 09.4522**

1. Díoltóir	2. Sraith-uimhir eis-iúna	**LEAGAN BUNAIDH**
3. Ceannaitheoir	DEIMHNIÚ maidir le hiontráil táirgí áirithe bainne faoi cheannteidil nó faoi fho-cheannteidil áirithe den Ainmníocht Chomhcheangailte	
4. Uimhir agus dáta an tson-raisc	5. Tír thionsc-naimh	6. Ballstát cinn scríbe

TÁBHACHTACH

A. Ní mór deimhniú ar leith a dhéanamh amach i gcás gach cineál cur i láthair maidir le gach táirge.
B. Ní mór an deimhniú a bheith i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais. Féadfaidh aistriúchán go teanga oifigiúil na tíre is onnmhaireoir nó go teanga oifigiúil amháin de chuid na tíre is onnmhaireoir a bheith ann freisin.
C. Ní mór an deimhniú a tharraingt suas i gcomhréir leis na forálacha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm.
D. Bunchóip den deimhniú, agus i gcás inarb iomchuí, cóip den deimhniú, ní mór na nithe sin a thíolacadh don oifig custaim san Aontas nuair atá an táirge á scaoileadh i saorchúrsaíocht.

7. Marcanna, uimhreacha, cainníocht agus cineál na bpacáistíochtaí: tuairisc mhionsonraithe ar an táirge agus sonraí maidir lena chineál cur i láthair.	8. Ollmh-eáchan (kg)	9. Meáchan glan (kg)
10. Amhábhar a úsáidtear		
11. Cion saille de réir meáchain (%), in ábhar tirim ([1])		
13. Cion saille, de réir meáchain (%) ([1])		
14. Tréimhse aibithe ([1])		
16. Barúlacha (a) taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4... (b) beartaithe lena phróiseáil ([2])		
17. DEIMHNÍTEAR LEIS SEO: go bhfuil na sonraí a leagtar amach thuas cruinn agus go gcomhlíonann siad forálacha an Aontais atá i bhfeidhm.		
18. Comhlacht eisiúna	Áit Bliain Mí Lá (Síniú agus stampa an chomhlachta eisiúna)	

([1]) I gcás taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4521 amháin
([2]) Scrios de réir mar is iomchuí

A2 — **TEIMPLÉAD DE DHEIMHNIÚ IMA 1 LE hAGHAIDH TARAIF-CHUÓTAÍ DAR SRAITHUIMHIR 09.4195 AGUS 09.4182**

1. Díoltóir	2. Sraith-uimhir eisiúna	**LEAGAN BUNAIDH**
3. Ceannaitheoir	DEIMHNIÚ maidir le him áirithe ón Nua-Shéalainn a theacht isteach faoi réir an taraif-chuóta dá dtagraítear faoin ordú cuóta uimhir 09.4195 agus 09.4182	
4. Uimhir agus dáta an tsonraisc	5. Tír thionscnaimh	An Nua-Shéalainn

TÁBHACHTACH

A. Ní mór deimhniú ar leith a dhéanamh amach i gcás gach cineál cur i láthair maidir le gach táirge.
B. Ní mór an deimhniú a bheith i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais. Féadfaidh aistriúchán go teanga oifigiúil na tíre is onnmhaireoir nó go teanga oifigiúil amháin de chuid na tíre is onnmhaireoir a bheith ann freisin.
C. Ní mór an deimhniú a tharraingt suas i gcomhréir leis na forálacha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm.
D. Bunchóip den deimhniú, agus i gcás inarb iomchuí, cóip den deimhniú, in éineacht leis an gceadúnas allmhairiúcháin a ghabhann leis agus dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, ní mór na nithe sin a thíolacadh don oifig custaim san Aontas nuair atá an táirge á scaoileadh i saorchúrsaíocht.

7. Marcanna, uimhreacha, líon agus cineál na bpacáistíochtaí, tuairisc mhionsonraithe AC agus 8 digití chód CN an táirge agus sonraí maidir lena chineál cur i láthair. — Féach an liosta sainaitheantais táirgí atá i gceangal leis seo: — Cód CN — Clárú monarchan Uimh°	8. Ollmheáchan (kg)	9. Glanmheáchan (kg) (líon na gcartán) (kg/cartán)
10. Amhábhar a úsáidtear		
16. Barúlacha taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4...		
17. DEIMHNÍTEAR LEIS SEO go bhfuil na sonraí a leagtar amach thuas cruinn agus go gcomhlíonann siad forálacha an Aontais atá i bhfeidhm.		Bliain Mí Lá
18. Comhlacht eisiúna	Áit: Bailí go dtí an: (Síniú agus stampa an chomhlachta eisiúna)	Bliain Mí Lá Bliain Mí Lá

A3 — **SAINMHÍNITHE AGUS RIALACHA MAIDIR LE COMHLÁNÚ AGUS FÍORÚ DEIMHNITHE IMA 1 ARNA nEISIÚINT LE hAGHAIDH TARAIF-CHUÓTAÍ DAR SRAITHUIMHREACHA 09.4182 AGUS 09.4195**

Sainmhínithe

Chun críocha Iarscríbhinn XIV.5, Cuid A, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'táirgeoir' gléasra táirgthe aonair nó monarcha táirgthe aonair ina dtáirgtear im lena onnmhairiú chuig an Aontas faoi na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195;

(b) ciallaíonn 'sifear' cainníocht an ime a tháirgtear de réir sonraíocht ceannaithe táirge amháin in aon ghléasra táirgthe amháin le linn aon iarrachta monaraíochta amháin;

(c) ciallaíonn 'luchtóg' cainníocht ime a chumhdaítear le deimhniú IMA 1 a chuirtear faoi bhráid an údaráis inniúil chustaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195;

(d) ciallaíonn 'údaráis inniúla' na húdaráis sna Ballstáit atá freagrach as rialuithe ar tháirgí allmhairithe;

(e) ciallaíonn 'liosta sainaitheantais táirgí' liosta ina sainaithnítear, i gcás gach luchtóige, uimhir chuóta an deimhnithe IMA 1 lena ngabhann, an ghléasra táirgthe nó na monarchan táirgthe agus an tsifir nó na sifear, liosta ina dtugtar tuairisc ar an im. Féadfar a shainaithint leis freisin an tsonraíocht lena ndearnadh an t-im, an séasúr táirgthe, líon na gcartán a fhreagraíonn do gach sifear, líon iomlán na gcartán, meáchan ainmniúil na gcartán, sraithuimhir an onnmhaireora, an modh iompair ón Nua-Shéalainn go dtí an tAontas agus an uimhir turais.

Deimhniú IMA 1 a chur i gcrích agus a fhíorú

Cumhdóidh deimhniú IMA 1 im a mhonaraítear de réir sonraíochta ceannaithe táirgí amháin i bplanda amháin. Féadfaidh sé níos mó ná sifear amháin den tsonraíocht ceannaithe táirge chéanna ón bplanda céanna a chumhdach.

Ní mheasfar deimhniú IMA 1 a bheith comhlánaithe agus fíordheimhnithe go cuí ag comhlacht eisiúna a liostaítear i gCuid A6, ach amháin má tá an fhaisnéis uile seo a leanas ann:

(a) i mbosca 1, ainm agus seoladh an díoltóra;

(b) i mbosca 2, an tsraithuimhir eisiúna lena sainaithnítear an tír thionscnaimh, na socruithe allmhairiúcháin, an táirge, an chuótabhliain agus uimhir an deimhnithe aonair, a thosóidh arís óna haon gach bhliain;

(c) i mbosca 4, uimhir agus dáta an tsonraisc;

(d) i mbosca 7:

— tagairt don liosta sainaitheantais táirgí (liosta aitheantais an táirge), nach mór a chur i gceangal leis seo,

— an cód AC,

— uimhir chláraithe na monarchan,

— meán uimhríochtúil táir an chlúdaigh;

(e) i mbosca 8, an t-ollmheáchan i gcileagraim;

(f) i mbosca 9:

— an glanmheáchan ainmniúil in aghaidh an chartáin,

— an glanmheáchan iomlán i gcileagraim,

— líon na gcartán;

(g) i mbosca 10: ó bhainne nó ó uachtar;

(h) i mbosca 16: "Cuóta ime na Nua-Shéalainne le haghaidh...[bliain] i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)…/…";

(i) i mbosca 17:

— an dáta eisiúna agus, más iomchuí, an lá deiridh bailíochta,

— síniú agus stampa an chomhlachta eisiúna

(j) i mbosca 18, seoladh beacht agus sonraí teagmhála an chomhlachta eisiúna.

A4 — **IMTHOSCA FAOINA bhFÉADFAR DEIMHNIÚ IMA 1 NÓ CUID DE DHEIMHNIÚ IMA 1 A CHEALÚ, A LEASÚ, A IONADÚ NÓ A CHEARTÚ**

Deimhniú IMA 1 a chur ar ceal nuair atá dleacht iomlán dlite agus íoctha as neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le comhdhéanamh

I gcás ina n-íoctar dleacht iomlán ar luchtóg toisc nach gcomhlíontar an ceanglas maidir le cion saille uasta, féadfar an deimhniú IMA 1 lena ngabhann a chur ar ceal agus féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 na cainníochtaí lena mbaineann a chur leo siúd a bhféadfar deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana céanna.

Táirge a scriosadh nó a rinneadh mí-oiriúnach lena dhíol

Féadfaidh comhlachtaí eisiúna IMA 1 deimhniú IMA 1 nó cuid de a chealú le haghaidh cainníochta a chumhdaítear leis agus a scriostar nó a dhéantar mí-oiriúnach lena díol i gcúinsí nach bhfuil neart ag an onnmhaireoir orthu. I gcás ina ndéanfar cuid den chainníocht a chumhdaítear le deimhniú IMA 1 a dhíothú nó a fhágáil mí-oiriúnach lena díol, féadfar deimhniú athsholáthair a eisiúint i leith na cainníochta atá fágtha. Ní bheidh an deimhniú athsholáthair bailí ach go dtí an dáta céanna leis an deimhniú bunaidh. Sa chás sin, i mbosca 17 den deimhniú IMA athsholáthair beidh na focail 'bailí suas go dtí 00.00.0000'.**3]**

I gcás ina scriostar an chainníocht iomlán nó cuid den chainníocht a chumhdaítear le deimhniú IMA 1 nó i gcás ina bhfágtar go bhfuil sí mí-oiriúnach lena ndíol de bharr imthosca nach bhfuil neart ag na honnmhaireoirí orthu, féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 na cainníochtaí sin a chur leis na cainníochtaí sin a bhféadfar deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana céanna.

Athrú ar an mBallstát cinn scríbe

I gcás ina bhfuil sé d'oibleagáid ar an onnmhaireoir athrú a dhéanamh ar an mBallstát cinn scríbe a shonraítear ar dheimhniú IMA 1 sula n-eiseofar ceadúnas allmhairiúcháin lena ngabhann, féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 an deimhniú IMA 1 bunaidh a leasú. Deimhniú IMA 1 bunaidh leasaithe den sórt sin, arna fhíordheimhniú go cuí agus arna shainaithint go hiomchuí ag an gcomhlacht eisiúna, féadfar é a thíolacadh don údarás ceadúnúcháin agus do na húdaráis chustaim.

Earráid chléireachais nó earráid theicniúil

I gcás ina n-aimsítear earráid chléireachais nó earráid theicniúil ar dheimhniú IMA 1 sula n-eiseofar ceadúnas allmhairiúcháin lena ngabhann, féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 an deimhniú IMA 1 bunaidh a leasú. Féadfar deimhniú IMA 1 bunaidh ceartaithe den sórt sin a thíolacadh don údarás ceadúnúcháin agus do na húdaráis chustaim.

Imthosca eisceachtúla nach mbeidh fáil ar tháirge a bheartaítear a allmhairiú i mbliain ar leith

Más rud é, in imthosca eisceachtúla nach bhfuil neart ag an onnmhaireoir orthu, nach mbeidh fáil ar tháirge a bheartaítear a allmhairiú i mbliain ar leith agus gurb é an t-aon mhodh amháin chun an cuóta a líonadh, i bhfianaise an ghnáth-ama loingseoireachta ón tír thionscnaimh, táirge a bhí beartaithe i dtosach lena allmhairiú an bhliain dár gcionn a chur ina ionad, féadfaidh an comhlacht eisiúna deimhniú nua IMA 1 a eisiúint i leith na cainníochta athsholáthair, idir an séú agus an deichiú lá féilire tar éis fógra cuí a thabhairt don Choimisiún faoi shonraí an deimhnithe IMA 1 nó cuid de atá le cealú le haghaidh na bliana lena mbaineann agus faoin gcéad deimhniú IMA 1 nó cuid de a eisíodh i leith na bliana ina dhiaidh sin atá le cur ar ceal.

Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag an bhforáil seo maidir le himthosca an cháis lena mbaineann, féadfaidh sé agóid a dhéanamh laistigh de sheacht lá féilire, agus an chúis atá leis an agóid á cur in iúl aige. I gcás inar mó an chainníocht atá le hionadú ná an chainníocht a chumhdaítear leis an gcéad deimhniú IMA 1 arna eisiúint i leith na bliana dár gcionn, féadfar an chainníocht is gá a fháil trí dheimhnithe IMA 1 breise a chur ar ceal, i seicheamh, nó i gcuid díobh de réir mar is gá.

Gach cainníocht ar cuireadh deimhnithe IMA 1 nó cuid de dheimhnithe IMA 1 ar ceal ina leith le haghaidh na bliana lena mbaineann, cuirfear iad leis na cainníochtaí ar féidir deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana sin.

Na cainníochtaí go léir a thabharfar ar aghaidh ón gcuótabhliain ina dhiaidh sin ar cuireadh deimhniú nó deimhnithe IMA 1 ar ceal ina leith, cuirfear ar ais iad leis na cainníochtaí a bhféadfar deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana sin.

A5 — **RIALACHA MAIDIR LE DEIMHNITHE IMA 1 A CHOMHLÁNÚ**

Chomh maith le boscaí 1, 2, 4, 5, 9, 17 agus 18 de dheimhniú IMA 1, ní mór an méid seo a leanas a chomhlánú:

(a) A mhéid a bhaineann le cáiseanna Chéadair a thagann faoi chuimsiú chód AC ex 0406 90 21 agus a liostaítear faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.4521:

— bosca 7, trí 'cáiseanna Chéadair iomlána' a shonrú;

— bosca 10, trí 'bhainne bó a tháirgtear go heisiach sa bhaile' a shonrú;

— bosca 11, trí '50 % ar a laghad' a shonrú;

— bosca 14, trí 'trí mhí ar a laghad' a shonrú;

— bosca 16, tríd an tréimhse a mbeidh an cuóta bailí lena haghaidh a shonrú.

(b) a mhéid a bhaineann le cáiseanna Chéadair a thagann faoi chuimsiú chód AC 0406 90 21 agus a liostaítear faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.4514:

— bosca 10, trí 'bhainne bó a tháirgtear go heisiach sa bhaile' a shonrú.

(c) a mhéid a bhaineann le cáiseanna Chéadair a bheartaítear lena bpróiseáil a thagann faoi chuimsiú chód AC ex 0406 90 01 agus a liostaítear faoi tharaif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4515 agus 09.4521:

— bosca 7, trí 'cáiseanna Chéadair iomlána' a shonrú;

— bosca 10, trí 'bhainne bó a tháirgtear go heisiach sa bhaile' a shonrú;

— bosca 16, tríd an tréimhse a mbeidh an cuóta bailí lena haghaidh a shonrú.

(d) a mhéid a bhaineann le cáiseanna lena bpróiseáil a thagann faoi chuimsiú chód AC 0406 90 01 agus a liostaítear faoi tharaif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4515 agus 09.4522:

— bosca 10, trí 'bhainne bó a tháirgtear go heisiach sa bhaile' a shonrú;

— bosca 16, tríd an tréimhse a mbeidh an cuóta bailí lena haghaidh a shonrú.

A6 — **COMHLACHTAÍ EISIÚNA LE hAGHAIDH DEIMHNITHE IMA 1**

Tríú tír	Cód AC agus tuairisc ar an táirge		Comhlacht eisiúna	
			Ainm	Suíomh
An Astráil	0406 90 01 0406 90 21	Céadar agus cáis eile lena próiseáil Céadar	Australian Quarantine Inspection Service Department of Agriculture, Fisheries and Forestry	PO Box 60 World Trade Centre Melbourne VIC 3005 An Astráil Teil.: (61 3) 92 46 67 10 Facs: (61 3) 92 46 68 00
An Nua-Shéalainn	0405 10	Im	Ministry for Primary Industries	Pastoral House 25 The Terrace PO Box 2526 Wellington 6140 Teil. +64 4 894 0100 Facs +64 4 894 0720 www.mpi.govt.nz"
	0406 90 01	Cáis lena próiseáil		
	0406 90 21	Céadar		

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne', sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.0147, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht'.

"**Cainníocht**	62 917 000 kg"

(2) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na caoireola agus na feola gabhair', sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.2109, 09.2110, 09.2013, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht':

"**Cainníocht**	125 769 000 kg coibhéis an mheáchain chonablaigh"